2025/96

22.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/96 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Eanáir 2025

lena bhformheastar an tsubstaint bhunúsach eastóscáin síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire), i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) i gcomhar le hAirteagal 23(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Fuair an Coimisiún iarratas an 4 Lúnasa 2020 ó Cérience (Jouffray-Drillaud roimhe seo) ar fhormheas an eastóscáin síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) mar shubstaint bhunúsach lena húsáid i gcosaint plandaí mar fhuingicíd ar fhíniúnacha, úlla, prátaí agus leitís.

(2) Tar éis na seiceálacha inghlacthachta, bhí an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 23(3), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ag gabháil leis an iarratas, mar a fuarthas é i mí Feabhra 2022.

(3) D'iarr an Coimisiún cúnamh eolaíoch ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') de bhun Airteagal 23(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Sholáthair an tÚdarás tuarascáil theicniúil an 30 Deireadh Fómhair 2023 don Choimisiún ar an eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) ([2]).

(4) Chuir an Coimisiún an tuarascáil athbhreithniúcháin ([3]) agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 21 Márta 2024 agus an 10 Iúil 2024, faoi seach.

(5) Léiríonn an fhaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir go n-úsáidtear eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) mar fhorbhia agus mar bhreiseán beathaithe. Thairis sin, ní úsáidtear é chun críche cosanta plandaí den chuid is mó ach tá an tsubstaint úsáideach maidir le cosaint plandaí. Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarratas agus sa Tuarascáil Theicniúil ón Údarás, is féidir teacht ar an gconclúid nach substaint ar údar imní í; nach bhfuil sé de chumas intreach aici bheith ina cúis le héifeachtaí suaiteora inchrínigh, éifeachtaí néarthocsaineacha nó éifeachtaí imdhíon-thocsaineacha; agus nach gcuirtear ar an margadh mar tháirge cosanta plandaí í. Dá réir sin, comhlíonann an t-eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23(1) de Rialachán (CE) Uimh 1107/2009.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) EFSA (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2023. Tuarascáil theicniúil ar thoradh an chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus EFSA maidir leis an iarratas ar fhormheas eastóscáin síl fíonchaoire mar shubstaint bhunúsach lena húsáid i gcosaint plandaí mar fhuingicíd ar fhíniúnacha, úlla, prátaí agus leitís. Foilseachán tacaíochta EFSA 2023:EN-8435. 150 lch. doi:10.2903/sp.efsa.2023.EN-8435.

([3]) Tuarascáil athbhreithniúcháin chríochnaitheach maidir leis an tsubstaint bhunúsach eastóscáin síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) arna tabhairt chun críche ag cruinniú an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 5 Nollaig 2024 d'fhonn eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) a fhormheas mar shubstaint bhunúsach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(6) Bhí roinnt meastóireachtaí ábhartha ar fáil, meastóireachtaí a rinneadh i gcomhréir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Bhí trí Thuairim Eolaíocha ón Údarás ábhartha: dhá cheann ó Phainéal FEEDAP agus ceann amháin ó Phainéal NDA ([4]). Chuir an tÚdarás agus an Coimisiún araon toradh na meastóireachta sin san áireamh.

(7) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus ar na doiciméid ghaolmhara uile, d'fhéadfadh coinne a bheith leis go gcomhlíonann, go ginearálta, an t-eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, go háirithe maidir leis na húsáidí a scrúdaíodh agus a mionsonraíodh i dtuarascáil athbhreithniúcháin an Choimisiúin. Dá bhrí sin is iomchuí an t-eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) a fhormheas mar shubstaint bhunúsach.

(8) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha féin a chur isteach i leith tuarascáil theicniúil an Údaráis agus i leith dréacht-tuarascáil athbhreithnithe an Choimisiúin. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, rinneadh scrúdú cúramach orthu agus tugadh aird chuí orthu.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá, áfach, coinníollacha agus srianta áirithe a chur san áireamh.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ([5]) ón gCoimisiún a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas substainte bunúsaí

An tsubstaint eastóscáin síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire), mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, formheastar í mar shubstaint bhunúsach faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Tá na tagairtí don mheastóireacht sin le fáil sa Chonclúid ó EFSA. Painéal EFSA um Breiseáin agus Táirgí nó Substaintí a úsáidtear i mBeatha Ainmhithe (FEEDAP); Painéal EFSA ar Tháirgí Diaitéiteacha, Cothú agus Ailléirgí (NDA). Foilseachán tacaíochta EFSA 2023:EN-8435. 20 lch. doi:10.2903/sp.efsa.2023.EN-8435.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht ([1])	Dáta formheasa	Forálacha sonracha
An t-eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) Uimh CAS: Níl teacht air Uimh. CIPAC: Níl teacht air	Níl teacht air	Íoschion Pró-antaiciainidiní olagaiméireach a bheith 75 % ar bhonn ainhidriúil	11 Feabhra 2025	Úsáidfear an t-eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir leis an eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) (PLAN/2024/800 RR rev3) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di.

([1]) Sa tuarascáil athbhreithniúcháin soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas, sonraíocht agus modh úsáide na substainte bunúsaí.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/96/oj

IARSCRÍBHINN II

I gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Uimhir	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht [1]	Dáta formheasa	Forálacha sonracha
‘28	An t-eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) Uimh CAS: Níl teacht air Uimh. CIPAC: Níl teacht air	Níl teacht air	Íoschion Pró-antaiciainidiní olagaiméireach a bheith 75 % ar bhonn ainhidriúil	11 Feabhra 2025	Úsáidfear an t-eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithniúcháin maidir leis an eastóscán síl *Vitis vinifera* L. (eastóscán síl fíonchaoire) (PLAN/2024/800 RR rev3) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di.’

[1] Sa tuarascáil athbhreithniúcháin soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas, sonraíocht agus modh úsáide na substainte bunata.